C/2023/1253

28.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11273 — BROMIA / RAIFFEISEN BANK INTERNATIONAL / RAIFFEISEN CONTINUUM MANAGEMENT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1253)

1. An 20 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Raiffeisen Bank International AG ('RBI', an Ostair),

— BROMIA Beteiligungs GmbH ('BROMIA', an Ostair), faoi rialú Raiffeisen-Holding Niederösterreich-Wien reg. GenmbH ('RH', an Ostair),

— Raiffeisen Continuum Management GmbH ('RCM', an Ostair).

Gheobhaidh RBI agus RH rialú comhpháirteach ar RCM ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is grúpa baincéireachta de chuid na hOstaire é RBI a dhíríonn ar mhargaí Lár agus Oirthear na hEorpa,

— Is cuideachta infheistíochta é RH a infheistíonn in earnálacha na talmhaíochta, na baincéireachta, na meán agus an bhonneagair,

— Tá RCM gníomhach i mbainistiú cistí infheistíochta malartacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11273 — BROMIA / RAIFFEISEN BANK INTERNATIONAL / RAIFFEISEN CONTINUUM MANAGEMENT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË